

**Téarmaí Tagartha le haghaidh
an tSainghrúpa Chomhairligh ar
Shocruithe Rialtais Áitiúil i nGaillimh**

Bunaíonn an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis seo Sainghrúpa Comhairleach chun imscrúdú mionsonraithe eile agus pleanáil a dhéanamh ag eascairt ó thuarascáil Choiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe maidir le socruithe rialtais áitiúil do Ghailimh sa todhchaí a cuireadh isteach i mí na Samhna 2015 (dá dtagraítear sa doiciméad seo mar “tuarascáil 2015”).

1. Is iad príomhfheidhmeanna an Ghrúpa ná: -
 - a. tabhairt faoi imscrúdú mionsonraithe breise agus anailís theicniúil maidir le himpleachtaí mholtaí thuarascáil 2015;
 - b. measúnú a sholáthar ar mholtaí thuarascáil 2015, lena n-áirítear na costais agus na tairbhí is dóigh a bheadh léi, i bhfianaise an imscrúduithe agus na hanailíse ag (a);
 - c. faisnéis mhionsonraithe agus moltaí maidir le cur i bhfeidhm mholtaí thuarascáil 2015 a sholáthar, i bhfianaise an mheasúnaithe ag (b) agus aon mholtaí eile ag (d), na socruithe agus na bearta is gá ar mhaithe leis sin agus scálaí ama ábhartha chuige sin;
 - d. i gcás ina mbaineann an Grúpa de thátal as, bunaithe ar a imscrúdú mionsonraithe láidir, gur chóir cur le moltaí thuarascáil 2015 nó í a éagsúlú, na cúiseanna atá leis sin a thabhairt agus moltaí ábhartha chuige sin a thabhairt;
 - e. tuairisc a thabhairt don Aire maidir leis na cúrsaí roimhe seo de réir mar a iarrann an tAire é, nó de réir mar a mheasann an Grúpa iomchuí.

2. Gan an scóip nó an tsolúbthacht atá ar fáil don Ghrúpa a shrianadh de bhun alt 1, agus faoi réir aon nithe breise is féidir leis an Aire a iarraidh, tabharfaidh an Grúpa aghaidh, go háirithe, ar na nithe seo a leanas maidir le socruithe rialtais áitiúil le haghaidh na Gaillimhe sa todhchaí:
 - a. Ceannaireacht an rialtais áitiúil, ar leibhéal pholaitiúla agus fheidhmeannaigh araon, lena n-áirítear bunú oifige ina mbeadh méara a bheadh tofa go díreach agus údarás gaolmhar chun feidhmeanna móra rialtais áitiúil a chur i gcrích;

- b. Struchtúir rialachais agus ionadaíochas, lena n-áirítear an cur chuige maidir le foirmíochtaí na comhairle iomlánaí, an cheantair bhardsaigh agus an toghcheantair;
 - c. Cumhachtaí agus feidhmeanna an rialtais áitiúil, lena n-áirítear an cumas feidhmeanna a dhílárú chuig údarais áitiúla ó ranna nó gníomhaireachtaí sa rialtas láir, agus cumhachtaí agus feidhmeanna a leithroinnt idir comhaltaí na comhairle iomlánaí agus an cheantair bhardsaigh;
 - d. Na himpleachtaí ó thaobh acmhainní atá ag na moltaí i dtuarascáil 2015, agus nuair is ábhartha aon mholtaí eile faoi 1(d), agus aird ar ioncam, caiteachas, sócmhainní, dliteanas, feidhmeanna agus seirbhísí na n-údarás áitiúil i nGaillimh agus ar threochtaí a shamhlaítear sa todhchaí agus riachtanais chuige sin, agus na riachtanais maidir le dhul i ngleic le himpleachtaí den sórt sin;
 - e. Leasanna cathrach maidir le cathair na Gaillimhe, agus aon bhearta nó socruithe sonracha, lena n-áirítear cumrú agus rialachas, atá riachtanach chun leasanna den sórt sin a chosaint nó a fheabhsú, agus stádas sibhialta, féiniúlacht, saintréith agus oidhreacht na cathrach a choimeád;
 - f. An cumas atá ag an rialtas áitiúil cur le féinleas eacnamaíoch agus sóisialta agus le forbairt inbhuanaithe Chathair agus Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear ról agus tionchar straitéiseach na cathrach, go háirithe, mar ionad fáis réigiúnach agus náisiúnta, agus an gá atá ann go mbeadh aird ar shaintréithe agus riachtanais na gceantar uirbeach agus tuaithe faoi seach;
 - g. Comhtháthú, comhordú, comhar agus comhoibriú i gcomhthéacs socruithe rialtais áitiúil sa todhchaí, go háirithe maidir le beartas straitéiseach i réimsí cosúil le tithíocht, pleanáil spásúlachta, forbairt eacnamaíoch, bonneagar, iompar, agus an comhshaol;
 - h. Neart agus éifeachtacht an rialtais áitiúil tríd is tríd i nGaillimh, lena n-áirítear in úsáid acmhainní, eagrú feidhmeanna agus oibríochtaí, agus soláthar seirbhísí; agus
 - i. Impleachtaí thograí nó mholtaí an Ghrúpa lena n-áirítear costais agus tairbhí réamh-mheasta (lena n-áirítear coigiltí ionchais agus feabhsuithe éifeachtúlachta).
3. D'fhonn feidhmíocht éifeachtach a chuid feidhmeanna a éascú déanfaidh an Grúpa é seo a leanas:

- a. beidh aird aige ar thuarascáil 2015 agus ar fhorálacha ábhartha Théarmaí Tagartha Choiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe;
- b. oibreoidh sé le comhlachtaí eile, de réir mar is gá, agus nuair a mheasann an Grúpa go bhfuil gá leis ar mhaithe le taighde, imscrúdú nó anailís áirithe, féadfaidh an tAire socrú a dhéanamh i gcomhair soláthar sainseirbhísí don Ghrúpa chun na críche sin.